**CINNEADH (AE) 2022/2546 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 16 Nollaig 2022**

**lena leasaítear Cinneadh BCE/2010/29 maidir le nótaí bainc euro a eisiúint (BCE/2022/46)**

Tá Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 128(1) de,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 16 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/1211 ([1]), i gcomhréir le hAirteagal 140(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), comhlíonann an Chróit na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus aisghairfear an maolú i bhfabhar na Cróite dá dtagraítear in Airteagal 5 d'Ionstraim Aontachais 2012 ([2]) le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

(2) In Airteagal 1(d) de Chinneadh BCE/2010/29 ón mBanc Ceannais Eorpach ([3]) sainmhínítear an "eochair leithdháilte nótaí bainc" agus tagraíonn sé d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin, ina sonraítear an eochair leithdháilte nótaí bainc a bheidh i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2020. Ós rud é go nglacfaidh an Chróit an euro an 1 Eanáir 2023, beidh feidhm ag na hualuithe maidir le scála caipitil nua ón dáta sin, is gá Cinneadh BCE/2010/29 a leasú chun an eochair leithdháilte nótaí bainc a chinneadh a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe**

Leasaítear Cinneadh BCE/2010/29 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh d'Airteagal 1(d):

   "In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo sonraítear an scála leithdháilte nótaí bainc a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023.";

2. cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbinn I.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023.

Arna dhéanamh ag Frankfurt am Main, an 16 Nollaig 2022.

*Uachtarán BCE*

Christine LAGARDE

---

([1]) Cinneadh (AE) 2022/1211 ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023 (IO L 187, 14.7.2022, lch. 31).

([2]) Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 112, 24.4.2012, lch. 21).

([3]) Cinneadh BCE/2010/29 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Nollaig 2010 ar eisiúint nótaí bainc in euro (IO L 35, 9.2.2011, lch. 26).

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN 1*

**SCÁLA LEITHDHÁILTE NÓTAÍ BAINC ÓN 1 Eanáir 2023**

%

| | |
|---|---:|
| An Banc Ceannais Eorpach | 8,0000 |
| Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique | 3,3250 |
| Deutsche Bundesbank | 24,0575 |
| Eesti Pank | 0,2570 |
| Central Bank of Ireland | 1,5455 |
| Bank of Greece | 2,2575 |
| Banco de España | 10,8825 |
| Banque de France | 18,6390 |
| Hrvatska narodna banka | 0,7400 |
| Banca d'Italia | 15,5035 |
| Central Bank of Cyprus | 0,1965 |
| Latvijas Banka | 0,3555 |
| Lietuvos bankas | 0,5280 |
| Banque centrale du Luxembourg | 0,3005 |
| Central Bank of Malta | 0,0960 |
| De Nederlandsche Bank | 5,3480 |
| Oesterreichische Nationalbank | 2,6710 |
| Banco de Portugal | 2,1360 |
| Banka Slovenije | 0,4395 |
| Národná banka Slovenska | 1,0450 |
| Suomen Pankki | 1,6765 |
| IOMLÁN | 100,0000." |